# Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

# Cumarsáid – Oifigeach Riaracháin (Buan)

**Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta do bheartas comhdheise a leanúint.**

**An Dáta Deiridh ar a nGlacfar le hIarratais**
**29 Aibreán 2026**

**(Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha)**

# An Eagraíocht

Is é atá sa Chomhairle Oidhreachta, a bunaíodh faoin Acht Oidhreachta, 1995, ná comhlacht poiblí a bhfuil sé mar mhisean aige tuiscint leathan a fhorbairt ar an rannchuidiú ríthábhachtach a dhéanann ár n-oidhreacht lenár bhfolláine shóisialta, comhshaoil agus gheilleagrach. Le haghaidh tuilleadh mionsonraí, téigh chuig suíomh Gréasáin na Comhairle Oidhreachta

Tá fás as cuimse tagtha ar an gComhairle Oidhreachta i gCill Chainnigh le blianta beaga anuas de réir mar atá leathnú tagtha ar a ról i dtacú le hoidhreacht na hÉireann agus san oidhreacht sin a chosaint agus a chur chun cinn. A bhuí leis an méadú atá tagtha ar a freagrachtaí i réimsí amhail an caomhantas, rannpháirtíocht an phobail, an taighde, agus an t-oideachas oidhreachta, tá an eagraíocht tar éis teacht chun bheith ina spreagthóir lárnach le haghaidh tionscnaimh oidhreachta ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta araon. Ós rud é go leanann an t-éileamh ar a cuid clár agus seirbhísí de bheith ag méadú, bíonn an gá le baill foirne bhreise ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí maidir lena chinntiú gur féidir leis an gComhairle a hualach oibre méadaitheach a bhainistiú go héifeachtach agus leanúint le tacaíocht ardchaighdeáin a sholáthar do phobail agus do thionscadail oidhreachta ar fud na tíre.

Tá an Chomhairle Oidhreachta i mbun feachtas earcaíochta a chur i gcrích ar fud roinnt rannóg laistigh den eagraíocht. Tá an feachtas sin ag teacht le fás leanúnach agus sainchúram méadaitheach na Comhairle Oidhreachta agus tá sé mar aidhm leis gairmithe oilte a mhealladh chun tacú lena cuid oibre san oidhreacht a chaomhnú, i rannpháirtíocht an phobail, i mbeartais a fhorbairt, agus i gcláir a chur i gcrích.

# An Post

## Cúlra

Bhunaigh an Chomhairle Oidhreachta feidhm thiomnaithe Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí sa bhliain 2022, agus ceapadh Ceann Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí lena linn sin. Léirigh an fhorbairt sin aitheantas méadaitheach ar thábhacht na cumarsáide straitéisí chun tacú le

misean na heagraíochta, mar atá oidhreacht na hÉireann a chosaint, a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Ón mbliain 2020 i leith, tá fás suntasach tagtha ar an eagraíocht, agus a líon foirne ag méadú faoina dhá oiread, agus táthar ag súil le tuilleadh leathnaithe sna blianta amach romhainn. Tá méadú tagtha ar scála agus castacht obair na Comhairle mar gheall ar an bhfás sin, agus tá méadú comhfhreagrach tagtha ar an éileamh ar thacaíocht cumarsáide ar fud gach réimse cláir. Bíonn ag méadú ar an méid a bhíonn comhghleacaithe ag lorg treoir ó shaineolaithe chun a gcuid oibre a chur chun cinn, chun caidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí, agus chun a chinntiú go gcuirtear príomhtheachtaireachtaí in iúl go héifeachtach do raon leathan spriocphobal.

Tá an éabhlóid sin tar éis aird a tharraingt freisin ar an ngá atá le cur chuige níos struchtúrtha agus níos réamhghníomhaí i leith cumarsáid inmheánach, rud a chinnteoidh soiléire, comhsheasmhacht agus ailíniú ar fud na heagraíochta de réir mar a leanann sí ar aghaidh ag fás.

Is céim thábhachtach i dtreo an acmhainn sin a bhunú é ról an Oifigigh Riaracháin a bhunú laistigh den fhoireann Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí. Beidh ról lárnach ag an iarrthóir rathúil i dtaca le pleanáil cumarsáide níos comhordaithe a chothú, le cumarsáid inmheánach a fheabhsú, agus leis an bhfoireann a chumasú chun inneachar níos comhsheasmhaí agus níos fearr a sholáthar. Tacóidh an ról freisin le tuilleadh deiseanna le haghaidh caidreamh leis an bpobal a fhorbairt, lena n-áirítear comhdhálacha agus imeachtaí atá dírithe ar an oidhreacht.

De réir mar a leanann an eagraíocht ar aghaidh ag leathnú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí obair na gcomhghleacaithe ar fud na réimsí uile a chur in iúl go héifeachtach. Cabhróidh an ról seo lena chinntiú go leanfaidh an Chomhairle Oidhreachta d’fheasacht a mhúscailt ar na tionscnaimh thábhachtacha agus éifeachtacha atá á gcur i gcrích chun tacú le hoidhreacht na hÉireann.

# An Ról

Tá an Chomhairle Oidhreachta ag lorg iarratais anois ó iarrthóirí atá cáilithe go cuí agus a bhfuil taithí ábhartha acu le haghaidh an phoist mar **Oifigeach Riaracháin Cumarsáide**.

Ag tuairisciú dó/di don Cheann Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí, beidh sealbhóir an phoist freagrach as raon leathan de phríomhthosaíochtaí cumarsáide na Comhairle Oidhreachta, agus feidhm shonrach aige/aici chun cumarsáid inmheánach na heagraíochta a threorú agus a chomhordú, pleananna cruthaithe inneachair agus margaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chun imeachtaí agus gníomhaíochtaí na Comhairle Oidhreachta um chaidreamh leis an bpobal a bhainistiú, agus chun cur chuige na heagraíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith meastóireacht a dhéanamh ar thionchar a gníomhaíochtaí.

# Príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí

## 1) Cumarsáid Inmheánach

- Plean cumarsáide inmheánaí a fhorbairt agus a sholáthar lena ngabhann cuspóirí soiléire, spriocphobail shoiléire, spriocanna inghnóthaithe soiléire, agus torthaí intomhaiste soiléire.
- Gníomhú mar chomhordaitheoir lárnach le haghaidh cumarsáid inmheánach, agus ilroinnt á laghdú trí phleanáil, seicheamhú agus rialú cáilíochta a dhéanamh ar aschuir inmheánacha ar fud na heagraíochta.
- Sceideal struchtúrtha a thabhairt isteach agus a chothabháil le haghaidh cumarsáid leis an bhfoireann uile chun coimhlintí agus ró-úsáid a íoslaghdú, chun ábharthacht a fheabhsú, agus chun tacú le scaipeadh tráthúil teachtaireachtaí tosaíochta.
- Inneachar ardchaighdeáin a phleanáil, a chruthú, a chur in eagar agus a fhoilsiú ar fud na gcainéal inmheánach, á chinntiú go mbíonn cumarsáidí cruinn, inrochtana, oiriúnach don fhoireann, agus comhsheasmhach.
- Scéalta foirne agus eagraíochta a chur le chéile agus a chur chun cinn, ar scéalta iad lena n-aithnítear soláthar, lena neartaítear an nasc le misean agus luachanna na heagraíochta, agus lena dtacaítear le tionscnaimh chaidrimh (lena n-áirítear

teachtaireachtaí a bhaineann le héagsúlacht, comhionannas agus cuimsiú, le folláine agus le hinbhuanaitheacht de réir mar is cuí).

- Comhordú a dhéanamh ar imeachtaí inmheánacha agus ar thionscnaimh chaidrimh, lena n-áirítear pleanáil, ábhair chumarsáide, sceidealú, agus gníomhaíocht leantach iar-imeachta/gabháil aiseolais iar-imeachta.
- Sásraí aiseolais dhá threo don fhoireann a chur chun feidhme agus a choimeád, lena n-áirítear suirbhéanna agus bealaí leanúnacha aiseolais, agus léargais a aistriú ina bhfeabhsuithe praiticiúla ar chainéil, ar inneachar agus ar chaidreamh.
- Tacú le cumarsáidí inmheánacha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin agus na Foirne Ardbhainistíochta, lena n-áirítear an t-eolas is deireanaí ón bhfoireann ceannaireachta a chomhordú, teachtaireachtaí foirne a dhréachtú, nótaí labhartha a ullmhú, agus láithreoireachtaí agus pacaí faisnéise a chruthú trí ionchur a bhailiú agus a chomhtháthú ó gach cearn den eagraíocht.

## 2) Meastóireacht agus tomhas a dhéanamh ar thionchar

- Creat a bhunú le haghaidh éifeachtacht ghníomhaíochtaí agus fheachtais na heagraíochta a thomhas agus a rianú
- Tomhas agus tuairisciú a dhéanamh ar fheidhmíocht cumarsáide inmheánaí agus seachtraí na heagraíochta (e.g., anailísíocht caidrimh, aiseolas, agus fionnachtana suirbhéanna), agus moltaí agus pleananna gníomhaíochta a dtáirgeadh le haghaidh feabhas leanúnach.
- Rianú a dhéanamh ar an gclúdach sna meáin, ar thionchar feachtas agus ar an gcaidreamh le geallsealbhóirí
- Cabhrú leis an eolas is deireanaí ón mBord agus ón bhFoireann Ardbhainistíochta a ullmhú maidir le cumarsáid

## 3) Caidreamh leis an bpobal

- Creat a bhunú chun infheictheacht na heagraíochta a bhainistiú ag comhdhálacha, ag imeachtaí agus ag taispeántais, i measc nithe eile
- Obair le foirne éagsúla chun an lóistíocht a bhaineann le láithreacht na heagraíochta ag imeachtaí poiblí a bhainistiú
- Comhordú agus bainistiú a dhéanamh ar an bpróiseas atá i gceist le Tuarascáil Bhliantúil na heagraíochta a chur le chéile agus a fhoilsiú
- Tacú leis an gCeann Cumarsáide maidir leis an straitéis gnóthaí poiblí a sholáthar, lena n-áirítear caidreamh le hionadaithe tofa, agus maidir le comhdhálacha agus imeachtaí mórscála, i measc nithe eile, a sholáthar.

## 4) Cruthú inneachair

- Plean cruthaithe inneachair a fhorbairt agus a chur chun feidhme don eagraíocht
- Creat a bhunú le haghaidh cruthú tráthrialta ábhair dhigitigh lena dtarraingeofar aird ar obair na heagraíochta

## 5) Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta

- Tacú le Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta a sholáthar i gcomhoibriú le Bainisteoir Cláir Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta

Agus aon dualgais eile a shannfaidh an bainisteoir líne nó an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Níor cheart na freagrachtaí atá leagtha amach sa sainchuntas poist seo a mheas a bheith cuimsitheach agus is féidir go gcuirfear dualgais bhreise leo nó go n-athrófar iad de réir mar is gá, ar aon dul le riachtanais na Comhairle Oidhreachta.

# Oideachas, Oiliúint agus Taithí

## Ceanglais Bhunriachtanacha

Ní mór d'iarrthóirí an méid seo a leanas a thaispeáint:

- Cáilíocht aitheanta tríú leibhéal (Leibhéal 7 ar a laghad den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i gcumarsáid, i gcaidreamh poiblí, in iriseoireacht, i margaíocht, i ngnó/riarachán poiblí nó i ndisciplín gaolmhar, nó taithí ghairmiúil ábhartha choibhéiseach.
- Taithí léirithe ar chumarsáid inmheánach agus/nó gníomhaíocht um chaidreamh le fostaithe a sholáthar in eagraíocht il-gheallsealbhóra.
- Sárscileanna scríbhneoireachta, eagarthóireachta agus profléitheoireachta, agus cumas chun faisnéis chasta a aistriú ina cumarsáidí agus ina láithreoireachtaí atá soiléir agus oiriúnach don fhoireann.
- Taithí ar inneachar a chruthú trí fhíseán, trí ghrianghrafadóireacht, trí scríbhneoireacht, agus trí fhuaim.
- Eolas ar uirlisí agus cineálacha cur chuige i leith tomhas éifeachtach tionchair agus i leith bailiú éifeachtach méadrachtaí.
- Sárscileanna bainistíochta geallsealbhóirí, lena n-áirítear cumas chun ionchur a bhailiú ó fhoirne éagsúla, chun tosaíochtaí a idirbheartú, agus chun aschuir chomhsheasmhacha a sholáthar le ceaduithe cuí.
- Sárscileanna bainistíochta imeachtaí agus/nó sárthaithí ar imeachtaí a bhainistiú.
- Sárchumas eagrúcháin agus bainistíochta tionscadal, mar aon le fianaise ar roinnt spriocanna inghnóthaithe agus roinnt spriocdhátaí a bhainistiú agus ar fhéilire/sceideal struchtúrtha cumarsáide a choimeád.
- Sár-inniúlacht dhigiteach agus taithí phraiticiúil maidir le huirlisí agus ardáin Microsoft 365 a úsáid chun inneachar cumarsáide inmheánaí (e.g., SharePoint) a fhoilsiú agus a bhainistiú.

- Fianaise ar shonraí agus aiseolas a úsáid chun tionchar a thomhas agus chun cumarsáid a fheabhsú (e.g., anailísíocht, fionnachtana suirbhéanna, agus tuairisciú ar chaidreamh).

## Ceanglais Inmhianaithe

Beidh ag an iarrthóir is fearr freisin:

- Taithí ar shuirbhéanna cumarsáide inmheánaí/caidrimh inmheánaigh a dhearadh agus a sholáthar, lena n-áirítear tagarmharcáil, anailís, agus pleanáil gníomhaíochta.
- Taithí léirithe ar straitéis cumarsáide inmheánaí/ar chreat cumarsáide inmheánaí a fhorbairt.
- Sár-inniúlacht scéalaíochta.
- Taithí ar thacaíocht a thabhairt do gheallsealbhóirí sinsearacha maidir le hóráidí a scríobh, le nótaí labhartha agus le hábhair láithreoireachta ardchaighdeáin, lena n-áirítear inneachar coimre cúlra a chomhordú.
- Eolas ar thimpeallachtaí rialachais/soláthair san earnáil phoiblí, agus/nó taithí ar oibriú laistigh de phróisis chumarsáide rialaithe.
- Tuiscint ghinearálta/eolas ginearálta ar earnáil oidhreachta na hÉireann, agus/nó cur amach ar fheidhmeanna agus timpeallacht beartais na Comhairle Oidhreachta.
- Inniúlacht phraiticiúil in inneachar amhairc/digiteach a léiriú (e.g., póstaeir, físeáin bhunúsacha, scáileáin dhigiteacha), agus/nó taithí ar ardáin Córas Bainistíochta Inneachair seachas SharePoint.
- An cumas chun cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge, idir Ghaeilge labhartha agus Ghaeilge scríofa.

# Ceanglais Saoránachta

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe, faoin dáta deiridh a ghlacfar le foirmeacha iarratais comhlánaithe;

(a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
(b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó
(c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó
(d) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar céile nó leanbh é nó í le saoránach de chuid LEE, de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
(e) A bheith ina nduine ar dámhadh cosaint idirnáisiúnta dó nó di faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó ina mball teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
(f) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus ar tuismitheoir é nó í le leanbh cleithiúnach ar saoránach agus cónaitheach é nó í de chuid ballstát de LEE nó de chuid na Ríochta Aontaithe nó de chuid na hEilvéise agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici.
**Chun cáiliú, ní mór d'iarrthóirí bheith incháilithe faoi dháta aon tairisceana poist.**

# Coinníollacha Seirbhíse

## Tionacht

Is post lánaimseartha buan é an post

## Tuarastal

Tá an post cosúil le Grád an Oifigigh Riaracháin sa Státseirbhís. Tá an scála tuarastail (ranníocaíocht phearsanta pinsin), lena n-áirítear an ranníocaíocht pinsin is gá, leagtha amach thíos.

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Pointe 1** | **Pointe 2** | **Pointe 3** | **Pointe 4** | **Pointe 5** | **Pointe 6** |
| €40,768 | €43,464 | €44,236 | €47,613 | €51,950 | €55,395 |
| **Pointe 7** | **Pointe 8** | **Pointe 9** | **Pointe 10** | | |
| €58,977 | €62,606 | €66,233 | €69,849 | | |

***Incrimint Fadseirbhíse 1 €72,353** ****Incrimint Fadseirbhíse 2 €75,789**

*Tar éis seirbhís trí bliana ag Pointe 7. **Tar éis seirbhís trí bliana ag Incrimint Fadseirbhíse 1. (An scála pá amhail an **1 Feabhra 2026**)

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire gur ag bun an scála tuarastail a thosófar agus nach mbeidh an ráta luach saothair, lena n-áirítear dul chun cinn incriminteach, faoi réir idirbheartaíochta agus go bhféadfar é a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais. Is féidir go mbeidh feidhm ag téarmaí agus coinníollacha difriúla i gcás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí thú faoi láthair. Beidh an tuarastal lánchuimsitheach agus beidh sé mar a chinnfear ó am go ham. Íocfaidh sealbhóirí an phoist leis an gComhairle Oidhreachta aon táillí nó aon airgead eile (seachas a dtuarastal cuimsitheach) is iníoctha leo nó a fhaigheann siad de bhua a bhfostaíochta nó i leith seirbhísí a gceanglaítear orthu iad a chomhlíonadh le haon achtachán nó faoi bhun aon achtacháin. Is féidir go mbeidh liúntas iníoctha freisin i leith costais taistil agus cothaithe.

Tá sé de fhreagracht aonair ar iarrthóirí arb iarsheirbhísigh phoiblí nó iar-státseirbhísigh iad a chinntiú go bhfuil siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh. Go háirithe, maidir le hiarrthóirí féideartha a bhí páirteach i gcláir dheonacha scaoilte/iomarcaíochta nó luathscoir, a fuair íocaíocht iomarcaíochta nó atá ag fáil pinsean earnála poiblí, ba cheart dóibh eolas a chur ar a gcoinníollacha aonair a bhaineann le hathfhostaíocht san earnáil phoiblí agus ba cheart dóibh na coinníollacha sin a dhearbhú más rud é go mbeidh siad ag déanamh iarratais.

## Saoire Bhliantúil

Is é 25 lá in aghaidh na bliana an teidlíocht saoire bliantúla don ról seo (bunaithe ar ról lánaimseartha), ag ardú go 29 lá tar éis seirbhís cúig bliana agus go 30 lá tar éis seirbhís 10

mbliana.

## Áit Oibre

Is í ceanncheathrú na Comhairle Oidhreachta ag Áras na hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh, a bheidh san áit oibre.

## Obair Chumaisc

Tá áthas ar an gComhairle Oidhreachta samhail oibre cumaisc a thairiscint lena dtacaítear le comhoibriú agus le solúbthacht araon.

## Uaireanta Oibre Solúbtha

Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta do thimpeallacht oibre atá tacúil agus nua-aimseartha a sholáthar, agus tá áthas uirthi socruithe oibre solúbtha a thairiscint mar chuid den fheachtas earcaíochta seo. Agus an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil á haithint aici, tacaíonn an eagraíocht le raon roghanna solúbtha, lena n-áirítear obair chumaisc agus amanna tosaigh agus críochnaithe solúbtha.

## Uaireanta Freastail

Maireann an ghnáthsheachtain oibre 35 uair an chloig.

Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacháin um am oibre.

## Promhadh

Tar éis don cheapachán teacht i bhfeidhm, beidh tréimhse ann inar ar promhadh a shealbhóidh an duine ceaptha an fhostaíocht sin. Mairfidh an tréimhse sin sé mhí, ach féadfaidh an

Príomhfheidhmeannach, dá rogha féin, an tréimhse a fhadú. Féadfaidh duine scor den fhostaíocht sin a shealbhú ag deireadh na tréimhse sin de rogha an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin.

## Scor / Aoisliúntas

Tairgfear don cheapaí na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí a bheidh i réim tráth a thairgfear ceapachán.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, tá feidhm ag an Scéim Seirbhíse Poiblí Aonair maidir le gach iontrálaí nua céaduaire sa tseirbhís phoiblí. Tá feidhm aici freisin maidir le hiarsheirbhísigh phoiblí atá ag filleadh ar an tseirbhís phoiblí tar éis sos is faide ná 26 seachtaine.

Is comhaltaí den Scéim Aonair iad gach iontrálaí nua a thosaíonn fostaíocht inphinsin seirbhíse poiblí an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh.

Is le téarmaí an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Forálacha Ilghnéitheacha), 2004, a chinnfear Aois Scoir. Tugtar isteach leis an Acht forálacha nua scoir d'iontrálaithe nua a cheaptar chuig an tseirbhís phoiblí an 1 Aibreán 2004 nó ina dhiaidh.

Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha fostaíochta agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad, ar nithe iad a leagfar amach i gconradh mionsonraithe fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

# An Próiseas Iarratais

## Modhanna Roghnúcháin

Is féidir go mbeidh aon cheann de na nithe seo a leanas, nó gach ceann díobh, i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Iarrthóirí a ghearrliostú. Cinnfidh an Chomhairle Oidhreachta an líon iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh. Déanfaidh an Chomhairle Oidhreachta an gearrliostú, nó déanfar thar a ceann é, in aghaidh na gcritéar atá sonraithe don phost

agus bunaithe ar an bhfaisnéis atá i bhfoirm iarratais an iarrthóra agus ar an bhfaisnéis sin amháin.

- Agallamh, ar féidir go mbeidh cur i láthair ón iarrthóir i gceist leis.
- Dara hagallamh, ar féidir go mbeidh cur i láthair nó cleachtadh eile i gceist leis freisin.
- Is féidir go gcruthóidh an Chomhairle Oidhreachta painéal ónar féidir folúntais amach anseo ag an ngrád sonraithe a líonadh.

Tá sé beartaithe agallaimh a thionól ag oifigí na Comhairle Oidhreachta. Is féidir go dtionólfaidh an Chomhairle Oidhreachta agallaimh trí theicneolaíochtaí cianda. Tá sé de fhreagracht ar an agallaí a chinntiú go bhfuil rochtain aige/aici ar shaoráidí leordhóthanacha chun go mbeidh sé/sí in ann páirt a ghlacadh in agallaimh ar líne. Ní bheidh an Chomhairle Oidhreachta freagrach as aon chostas a thabhóidh iarrthóir agus é/í ag freastal ar agallamh.

## Conas Iarratas a Dhéanamh

Chun iarratas a dhéanamh, seol litir chumhdaigh (nach mó ná dhá leathanach) chuig Kayleigh Greene ag Kayleigh@excelrecruitment.com, agus teideal an róil luaite i líne an ábhair, agus tú ag leagan amach cén fáth a bhfuil spéis agat sa deis agus conas, dar leat, a chomhlíonann do chuid scileanna, eolais agus taithí ceanglais an róil. Ceangail curriculum vitae (CV) cuimsitheach freisin ina léirítear go soiléir na héachtaí agus an taithí ábhartha i do ghairm go dtí seo.

## Iarrthóirí faoi Mhíchumas

Tá an Chomhairle Oidhreachta tiomanta do chomhdheiseanna a sholáthar do gach iarrthóir. Más rud é go bhfuil míchumas ort nó go dteastóidh socruithe réasúnacha uait le linn an phróisis earcaíochta, molaimid duit é sin a chur in iúl dúinn chun a chinntiú go bhfaighidh tú an tacaíocht a theastóidh uait. Ní dhéanfaidh an gá atá le coigeartuithe nó le socruithe réasúnacha aon difear don phróiseas roghnúcháin, agus is faoi chuing rúin a chaithfear leis an bhfaisnéis ar fad a nochtfar.

## Dáta Deiridh

Tabhair faoi deara gurb é an 29 Aibreán 2026 an dáta deiridh a ghlacfar le hiarratais. Ní bhreithneofar aon iarratais a gheofar tar éis an dáta agus ama deiridh.

## Iarrthóireacht a mheas a bheith tarraingthe siar

Glacfar leis go bhfuil a (h)iarrthóireacht tarraingthe siar ag iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar agallamh de réir mar a éileoidh an Chomhairle Oidhreachta nó nach dtugann, nuair a iarrtar a leithéid air/uirthi, cibé fianaise a éilíonn an Chomhairle i dtaca le hábhar ar bith a bhaineann lena (h)iarrthóireacht.

## Tréimhse le haghaidh Glacadh leis an gCeapachán

Ceanglóidh an Chomhairle Oidhreachta ar an duine a dtairgfear ceapachán dó/di glacadh leis an gceapachán laistigh de thréimhse nach faide ná mí amháin agus, más rud é nach nglacfaidh sé/sí leis an gceapachán laistigh den tréimhse sin nó laistigh de cibé tréimhse níos faide a chinnfidh an Chomhairle dá lánrogha féin, ní cheapfaidh an Chomhairle é/í.

## Canbhasáil

I gcás go ndéanfaidh iarrthóir nó aon duine a bheidh ag gníomhú ar chomhairle an iarrthóra iarracht, go díreach nó go hindíreach, trí chumarsáid i scríbhinn nó ar shlí eile, tionchar a imirt, i bhfabhar an iarrthóra, ar aon bhall foirne de chuid na Comhairle Oidhreachta nó ar aon duine arna (h)ainmniú ag an gComhairle Oidhreachta chun iarrthóirí a chur faoi agallamh nó a scrúdú, dícháileofar an t-iarrthóir go huathoibríoch ón bpost atá á lorg.

## Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána

Is féidir go n-iarrfar grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána i gcás daoine aonair atá á mbreithniú lena gceapadh. Má dhéantar é/í a bhreithniú dá c(h)eapadh, ceanglófar ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh ag ar chónaigh an t-iarratasóir roimhe seo.

# Sláinte

Beidh ag iarrthóirí staid sláinte a thabharfadh le fios go bhfuil ionchas réasúnach ann go mbeidh siad in ann seirbhís éifeachtúil thráthrialta a sholáthar. Chun an ceanglas sláinte a shásamh, is féidir go mbeidh ar an iarrthóir rathúil, sula gceapfar é/í, dul faoi scrúdú leighis ag lia-chleachtóir cáilithe a bheidh le hainmniú ag an gComhairle.

# Ceisteanna/Tuilleadh Faisnéise

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait nó más mian leat plé rúnda a shocrú maidir leis an deis, seol ríomhphost chuig Kayleigh@excelrecruitment.com.

# Faisnéis Ghinearálta

## Comhlíonadh an Dlí

Tá rún daingean ag an gComhairle Oidhreachta cloí leis an reachtaíocht iomchuí ar fad i gcúrsa an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2015, an tAcht Fostaíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 2018, na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997, 2003 agus 2014.

## Comhlíonadh RGCS

Déanann an Chomhairle Oidhreachta bailiú, próiseáil agus stóráil ar shonraí pearsanta a soláthraíonn iarratasóirí iad agus iad ag déanamh iarratas ar an ról atá ar fáil. Déantar na sonraí a soláthraíonn iarratasóirí iad a bhailiú, a thaifeadadh, a stóráil, a choimeád agus a scriosadh i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988-2018.

## Úsáid Feistí Taifeadta

Tá cosc ar threalamh taifeadta a úsáid le linn an phróisis iarratais agus agallaimh.

## Na Dualgais ar Iarrthóirí

Ní ceadmhach d’iarrthóirí faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar go feasach.

Ní ceadmhach d’iarrthóirí cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.